

❖ An Lúibín ❖

18 Deireadh Fómhair 2010

An Séala Eorpach Teanga

Awards for Europeans who take languages seriously.

Bhí Lá Eorpach na dTeangacha ann le déanaí, agus bronnadh An Séala Eorpach Teanga ar aon tionscadal déag Éireannacha as a gcuid treallúis i múineadh teangacha. Dúirt an tOllamh Tom Collins nach leor do mhuintir na hÉireann feasta teangacha iasachta a bheith ar a dtoil acu. Dúirt sé go bhfuil bunús an gheilleagair dhomhanda ag scaradh ó Mheiriceá agus ón Eoraip, agus go gcaithfear na hÉireannaigh a bheith níos dícheallaí feasta ag foghlaim teangacha eile. (Focail chiallmhara a dtabharfar an ghnáthneamhaird orthu.)

I measc na dtionscadal bhí: Bunachar Logainmneacha na hÉireann; blag agus teicneolaíochtaí faisnéise chun foghlaim na Gearmáinise agus scileanna teicneolaíochta a fheabhsú; Language Trap (An Gaiste Teanga), cluiche físe chun teanga a fhoghlaim; agus tionscadal chun dul i ngleic leis an mBéarla.

Treisíodh an ócáid le hainmniú *Ambasadóirí Teanga na Bliana 2010*. Bhí a lán acu ann. An tOllamh David Little ó Choláiste na Tríonóide, fear 'a thacaíonn le féinriar an fhoghlaiméora'. An Dr Konstantin Doulamis ó Choláiste Ollscoile Chorcaí, fear a chuireann idir Shean-Ghréigise agus Nua-Ghréigis chun cinn, agus a bhfuil Fraincis, Spáinnis, Iodáilis, Béarla agus, ar ndóigh, Greigis, ar a thoil aige. Art Ó Súilleabháin, stiúrthóir Ionad Oideachais Mhaigh Eo, agus é ag obair ar son na Gaeilge le breis is 25 bliana anuas. Neasa Ní Dhomhnaill ó Choláiste an Phiarsaigh; í ag cur Béarla, Gaeilge, Fraincise, Iodáilise agus Laidine chun cinn i meánscoileanna lán-Ghaeilge le breis is tríocha bliain. Múineann sí Béarla gan táille do dhaoine a tháinig go hÉirinn le déanaí.

Tá An Séala Eorpach Teanga á bhronnadh ó 1998 i leith, agus é ar siúl í i mbreis is fiche tír Eorpach ag an am céanna.



Oireachtas Cheanada

The first North American Oireachtas.

Lá ar leith an chéad lá de Mhí Iúil 2011: tosóidh an chéad Oireachtas Cheanada ansin agus é á reachtáil trí Ghaeilge. Beidh comórtais de gach sórt ann - amhránaíocht, rince, ceol agus litríocht - agus iad oscailte do gach aois. Ócáid thráthúil í sa mhéid gurb ar an dáta sin a bunaíodh Ceanada féin sa bhliain 1867.

Beidh amhránaíocht agus rince ar an sean-nós ann, amhránaíocht de shaghsanna Gaelacha eile, seitrincí, agus ceol uirlisí - an chláirseach, an phíb uilleann agus bannaí ceoil. Lena chois sin tabharfar aird ar an teanga labhartha: scéalaíocht, comhrá, óráid, lúibíní. Sa chomórtas liteartha is féidir le scríbhneoirí nach Ceanadaigh iad saothar a chur isteach a bhaineann le Ceanada.

Tharla an ócáid seo de bharr díospóireachta ag comhdháil Fhís Ghaeilge Mheiriceá Thuaidh (dream atá ag obair faoi choimirce Ghlór na nGael) i Nua Eabhrac sa bhliain 2008. Cruinneoidh grúpaí ó Mheiriceá Thuaidh agus ó Éirinn i ngeall air, agus fáilte acu roimh Ghaeilgeoirí a tháinig anall mar chuid den imirce is déanaí. Tá fáilte freisin roimh ghrúpaí in Éirinn ar mhaith leo a bheith páirteach san Oireachtas.

Breis eolais: kenny-h@rnc.ca nó claredwyer@aol.com.



Logainmniú

County Dublin's placenames.

Bhí an Ghaeilge beo riamh i gContae Bhaile Átha Cliath, rud, b'fhéidir, nach dtuigeann muintir na háite iad féin. Bhí cuid mhaith cainteoirí dúchais le fáil ann fós i lár an 19ú haois, tuin Chontae na Mí nó oirthear Uladh orthu de réir na dúiche, agus tá na logainmneacha chomh Gaelach lena bhfaighfeá in aon áit eile in Éirinn. Anois tá fás ag teacht faoi phobal Gaeilge Bhaile Átha Cliath, tuin mheasctha orthu agus stair acu.

Tá toradh dlí air seo. Faoi fhorálacha Cuid 5 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 tá an Coimisiún Logainmneacha chun comhairle a thabhairt don Aire ordú logainmneacha a dhéanamh chun leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha Chontae Bhaile Átha Cliath a dhearbhu. Tá fonn ar an gCoimisiún tuairimí a fháil ón bpobal roimh ré, agus tá fáil ar an dréacht ag www.logainm.ie. Tá leaganacha an dréachta bunaithe ar obair an Bhrairse Logainmneacha, agus scrúdóidh an Coimisiún agus an Brainse pé moltaí a thiocfaidh ina líon sula dtugtar comhairle don Aire.

Cuirtear moltaí, idir olc agus mhaith, i bhfoirm aighneachtaí chun An Rúnaí, An Coimisiún Logainmneacha, 43-49, Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4, roimh 26 Samhain 2010.



Riachtanais teanga

The failure of compulsory Irish to achieve its aims has led to calls to make the language optional. Others argue that this would damage the public standing of Irish, while admitting that reforms are necessary. Public opinion seems favourable, but there are few material motivations to learn the language.

Staidéar mór ba ea *The Irish Language & The Irish People*,¹ agus thaispeáin sé, tríd is tríd, go raibh lé éigin ag an bpobal leis an nGaeilge. Scéal é seo ar chuir Maolsheachlainn Ó Caollaí, eolaí teanga, suim ann, agus léirigh sé toradh a mhachnaimh i gcúpla alt ar *Feasta* i mbliana.²

Mar a deir sé, b'ábhar buartha don Athair Mac Gréil agus do Fergal Rhatigan go raibh bearna chomh mór sin idir an céatadán a bhí in ann an Ghaeilge a úsáid (40.0% ar a laghad) agus an céatadán a dhéanann beart dá réir (22.6%). Is í an phríomhfhadhb, mar sin, a laghad sin daoine a bheith ag baint tairbhe as an nGaeilge atá acu.

Deir mo dhuine nach bhfuil míniú ar bhunfháthanna na faidhbe seo ag pleanálaithe teanga toisc nach bhfuil cur amach ag a bhformhór ar na heolaíochtaí comhdhaonnacha. Tá tábhacht, cinnte, le caighdeán níos fearr sa mhúinteoireacht, curaclaim níos fearr, téacsleabhair nua, áiseanna breise, modhanna nua teagaisc. Ach is é an rud is tábhachtaí 'stádas comhdhaonnach' na teanga féin. Ní mór comhghnásanna teanga a chur san áireamh freisin:

¹ Achoimre as Gaeilge ag <http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file,9802,ie.pdf>
An t-iomlán de *The Irish Language & The Irish People* ag <http://www.pobail.ie/ie/Preaseisiuinti/file,9801,ie.pdf>

² Feach *Feasta*, www.feasta.ie, Eanáir agus Meitheamh 2010.

ní labhraíonn daoine Gaeilge i gcomhlúadar mura bhfuil a fhios acu cá mhéad Gaeilge atá ag an gcuid eile den chomhlúadar sin.

Tá baint aige seo le ceist na Gaeilge éigeantaí. Déanann mo dhuine tagairt ar leith don ghealladh a rinne polaiteoirí áirithe deireadh a chur le riachtanas na Gaeilge sa dá bhliain a chríochnaíonn leis an Ard-Teistiméireacht. Deir na polaiteoirí céanna, más fíor, gur leor sin, maraon le feabhas a chur ar churaclam agus ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna, chun formhór na ndaltaí a mhealladh ar ais chun na teanga. (Tá sé le tuiscint go mb'fhearr le formhór na ndaltaí féin an teanga a ligean ar lár!)

Ag an bpointe seo déanann mo dhuine tuairimí eolaí eile a tharraingt anuas. Dar leis an Ollamh Christina Bratt Paulston gurb iad an dá rud is mó a thugann ar dhaoine teanga amháin a thréigean agus ceann eile a chur ina háit 1) buntáiste geilleagrach agus 2) gradam. Tá stádas bunreachtach agus dlíthiúil ag an nGaeilge, agus stádas oideachais freisin mar ábhar riachtanach. Tá meas ar lucht labhartha na Gaeilge ag an bpobal. Ach sin an méid. Is beag post a bhfuil Gaeilge ag teastáil chuige, pé feabhas atá ag teacht ar an scéal le dhá scór bliain anuas.

Faoi láthair feictear d'fhormhór na ndaltaí go bhfuil tábhacht áirithe leis an nGaeilge maidir le cuid dá gcuspóirí saoil sa mhéid go bhfuil iachall orthu í a fhoghlaim chomh fada leis an Ard-Teistiméireacht. Deir mo dhuine (agus an ceart aige, gan amhras) dá gcaithfí an t-éigeantas i dtraipisí, agus sinn ag cur san áireamh ardstádas na n-ábhar eile atá in iomaíocht leis an nGaeilge, nach gcuirfeadh ach beagán daltaí de dhua orthu féin an teanga a fhoghlaim. Sa bhliain 1973 cuireadh deireadh le riachtanas Gaeilge sa státseirbhís. Baineadh stádas den Ghaeilge dá bharr. Ba cheart a admháil (rud nach ndéanann mo dhuine) gur beag státseirbhíseach a n-éireadh leis sa scrúdú mura raibh an triail bog go leor.

Tugann Ó Caollaí cuntas dúinn ar ar tharla sa Bhreatain mar scéal rabhaidh. Tháinig inní ar an Rialtas faoin laghdú mall a bhí ag teacht ar líon na ndaltaí a bhí ag foghlaim teangacha seachas Béarla ó aois 14 go dtí aois 16. Ach an t-éigeantas a chur ar ceal (a dúradh), spreagfaí na daltaí chun teangacha a fhoghlaim le fonn. D'éirigh an chuid is mó de na scoileanna stáit as múineadh na dteangacha, cé gur fhan na scoileanna príobháideacha ina bhun go fóill. Tríd is tríd mheath múineadh na dteangacha ar fud na tíre agus postanna i mbaol dá bharr. Mar chor gan choinne sa scéal shocraigh Cambridge agus roinnt ollscoileanna eile ar theangacha iasachta a fhágáil ar lár mar choinníoll iontrála toisc go ndéanfaí leithcheal ar dhaltaí ó na scoileanna stáit.

B'fhéidir gur fiú don Ghaeilge, mar a deir Ó Caollaí, a bheith ina teanga éigeantach ar son a stádais oifigiúil. Ach ní mór, mar a deirtear i gcónaí, rudaí eile a dhéanamh freisin: roinnt tumoideachais sna bunscoileanna, an siollabas a fheabhsú, modhanna múinteoireachta a athchóiriú. Fágann sin fadhb eile is deacra a fhuascailt. Mar a deir mo dhuine, tá daoine ann a úsáideann an teanga de ghrá na teanga féin, ach níl iontu sin ach scata. Spreagadh eile atá ag teastáil ón bpobal mór, spreagadh airgid nó áisiúlachta. B'fhéidir go dtiocfadh sin. Idir an dá linn, caithfear múineadh na teanga a fheabhsú, agus caithfear féachaint chuige, mar sin, go bhfuil an teanga ar a dtoil ag na múinteoirí féin – tionscadal mór eile nach ndeachthas ina bhun go fóill.

I deireadh na dála, caithfear leas éigin a bhaint as an tumoideachas agus an teanga a mhúineadh le héifeacht sna bunscoileanna. Má dhéantar sin, agus na daltaí faoi bhun seacht mbliana d'aois ag tosú dóibh, beidh Gaeilge ar a dtoil acu agus iad ag dul ar an meánscoil. Beidh dúil acu inti – dúil nach bhfuil le haithint orthu faoi láthair.

Ar shlí amháin nó ar shlí eile, rachaidh rud eile i bhfeidhm ar dhearcadh an phobail, agus sin dul chun cinn na gaelscolaíochta. Téann cuid mhór de na daltaí úd ar an ollscoil. Bíonn rath saolta ag siúl leis an ardoiliúint, agus cuidíonn sin le húsáid na teanga i gcúrsaí gnó, dlí agus riaracháin, rud a d'fhéadfadh cuma na háisiúlachta a chur ar an teanga in aigne an phobail.

Os a choinne sin, leanann an t-éad an rath, rud is léir cheana sna cúrsaí seo. Ach d'fhéadfadh an t-éad féin dúil a mhúscailt.



Slad mara

Fish are being reaped in their millions in the world's oceans, but the environmental and ethical implications are less than comforting.

Nuair a tháinig gníomhaí de chuid an Environmental Justice Foundation (EJF) agus fórsaí cabhlaigh ó Shierra Leone ar bord trálaera ardteicneolaígh ón gCóiré Theas, bhí siad ar lorg fianaise go raibh iascaireacht neamhdhlíthiúil ar siúl. Rud eile a fuair siad rompu. Bhí foireann an tsoithigh ag obair gan aerú i mbroinn na loinge agus teocht 40°C ann nó os a chionn. Bhí an chistin dubh le ciaróga agus chuirfeadh na boscaí bia samhnas ort. Ní raibh d'uisce folctha acu ach sáile, agus bhí an soitheach lofa le meirg. Sé fhear is tríocha a bhí i gceist, daoine ón tSín, ó Vítneam, ón Indinéis agus ó Shierra Leone féin. Bhí a lán soitheach eile ar an dóigh chéanna, iad gan acmhainn farraige, a bhfoireann ar an anás agus iad ar muir leis na míonna fada. Níorbh fhéidir leis na fir éalú; is annamh a bhí snámh acu, agus is minic a baineadh a gcuid cáipéisí díobh, gan trácht ar iad a bhascadh. Seo iad an dream a mharaíonn os cionn aon mhilliún déag tonna d'iasc gach bliain – in éadan an dlí.

Is dóigh leis an EJF gur longa faoi bhratach áise is mó a dhéanann iascaireacht neamhdhlíthiúil. Is féidir leis na longa sin a lán bratach difriúil a úsáid i rith séasúir amháin agus a lán ainmneacha nua a thabhairt orthu féin. Is minic is le cuideachtaí seilfe iad, agus dá bhrí sin is deacair na húinéirí a rianú agus an dlí a chur i bhfeidhm, cé gur fiosmar shampla, gur le cuideachta Síneach áirithe roinnt éigin de na soithigh a bhíonn ag iascaireacht in aice na hAfraice. Go fiú má ghearrtar fíneáil, is suarach an méid é. Lena chois sin, déantar an t-iasc a 'ghlanadh' trína phacáil i mboscaí a bhaineann le soitheach ceadúnaithe.

Chomh fada siar leis an mbliain 2003 cuireadh in iúl go raibh naoi gcinn de na seacht mórbhráite dhéag á n-ídiú, agus nárbh fhéidir oiread na fríde de thairbhe breise a bhaint as 70% d'iasc an domhain. Tugadh fóirdheontas \$14 bhilliún don chabhlach domhanda iascaireachta agus is iad na cuideachtaí móra a fuair an chuid is mó den airgead. Cuirtear éin mhara féin i gcontúirt mhór, leithéidí an albatrais agus pheadar na stoirme.

Is creachadóirí an-éifeachtacha iad na soithigh mhóra iascaireachta atá anois ann, sónair den saghas is déanaí acu, trealamh próiseála agus pacála iontu in éineacht le reoiteorí ollmhóra, agus líonta fíorleathana ina ndiaidh aniar. Tá slad á dhéanamh ar an iasc creiche is mó – tuinníní, colgáin na ndealg, troisc, sciataí, haileabónna, leadhbóga agus eile – agus d'fhéadfadh sé seo athrú mór a dhéanamh ar éiceachórais mhara. Tá príomhshampla ann cheana den tsaint seo: cliseadh tubaisteach an troisc láimh le Talamh an Éisc sa bhliain 1992, cliseadh a d'fhág 40,000 duine gan obair.

Tá cabhlaigh iascaireachta na hEorpa chomh héifeachtach sin go bhfuil a gcuid éisc féin beagnach ídithe acu. Dá bhrí sin tá cuid de na soithigh is mó ag dul i gcomhpháirt le lucht iascaireachta san Afraic, rud is ionann, áfach, agus iasc a cheilt ar bhunadh na háite.

Ní hé go bhfuil an chomhpháirtíocht go hollc inti féin, agus sa chás seo tá sí de réir Bheartas Comhiascaireachta an Aontais Eorpaigh. Is é an fhadhb atá ann go spreagann sé cuideachtaí Eorpach chun a gcuid soitheach a aistriú chun bráití nua, cuma cén toradh a bheadh air, agus gur minic gurb iad muintir na háite atá thíos leis. Is deacair freisin a mheas cá mhéad soitheach eachtrannach atá i mbun na hoibre (agus cuid acu faoi bhratach áise).

Tarraingíonn sin ceist eile anuas – ceist eolaíoch agus fhealsúnach. Déarfadh a lán daoine fós nach mothaíonn breac pian ar bith nuair a mharaítear é, tuairim a thugann sólas d'iascairí

duáin. Ach tá córas néarógach ag an iasc, agus é níos casta, b'fhéidir, má mar a síleadh go dtí seo. Léirigh taighde go bhfuil a lán gabhdóirí céadfacha timpeall bhéal an éisc agus go ndeachaigh nimh agus aicíd i bhfeidhm orthu. Carbáin a gabhadh agus a scaoileadh saor arís thóg sé tamall maith orthu teacht chucu féin arís. Rinne eolaithe Ioruacha trialacha ar iasc órga a thaispeáin 'iompar seachanta' tar éis dóibh teas mór a fhulaingt. Nuair a thugtar maolaitheoirí péine (moirfín, mar shampla) d'iasc imíonn araíonna na péine. Is furasta a shamhlú go mbeadh iasc mara cráite go dona agus iad á ngabháil sna líonta agus á dtarraingt ar bord na dtrálaeirí.

Tá eolaithe ann agus iad in amhras fós faoin gceist seo, ach de réir a cheile tá meáchan na fianaise ag cur leis an teoiric go bhfuil cumas mothaithe péine ag an iasc. Tá a lán daoine ann cheana a staonann ó fheoil an éisc dá bharr – agus ní Búdaithe iad uile.

'Modern-day slavery: horrific conditions on board ships catching fish for Europe,' **Felicity**

Lawrence agus **Robert Booth**, *The Guardian*, 30/9/2010

*<http://www.greenpeace.org/raw/content/usa/press-center/reports4/frightening-facts-about-overfi.html>

*<http://www.greenpeace.org/international/en/campaigns/oceans/overfishing/>

*<http://www.greenpeace.org/international/en/publications/reports/How-Africa-is-feeding-Europe/>

*http://www.firstscience.com/home/perspectives/editorials/do-fish-feel-pain-the-science-behind-whether-fish-feel-pain-page-2-1_1818.html

*<http://www.scientificamerican.com/article.cfm?id=underwater-suffering-do-fish-feel-pain>

*<http://www.abc.net.au/science/articles/2006/09/15/1739175.htm>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com
nó chun coling.ryan@ato.gov.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.*

Riachtanais teanga

Thaispeáin *The Irish Language & The Irish People*, staidéar mór, go raibh lé³ ag an bpobal leis an nGaeilge. Léirigh Maolsheachlainn Ó Caollaí, eolaí teanga, a chuid tuairimí ar *Feasta* i mbliana. Deir sé gurb í an phríomhfhadhb a laghad sin daoine⁴ a bheith ag baint tairbhe as an nGaeilge atá acu.

Deir Ó Caollaí nach dtuigeann pleanálaithe teanga na heolaíochtaí sóisialta agus an bhaint atá acu leis an nGaeilge. Ní mór⁵ nósanna eile a chur san áireamh⁶ freisin: ní labhraíonn daoine Gaeilge i gcomhluadar mura bhfuil a fhios acu cá mhéad Gaeilge atá ag an gcuid eile den chomhluadar sin.

Gheall polaiteoirí áirithe deireadh a chur le Gaeilge éigeantach. Deir siad, má dhéantar é seo, go meallfar daltaí ar ais chun na teanga, agus go gcaithfear mhúineadh na Gaeilge a fheabhsú ar aon chuma. Ach deir Ó Caollaí nárbh fhiú le mórán daltaí⁷ Gaeilge a fhoghlaim mar sin. Deir sé gur tháinig laghdú mór ar an líon daltaí a bhí ag foghlaim teangacha iasachta sa Bhreatain nuair a ligeadh do⁸ scoileanna stáit gan na teangacha sin a mhúineadh.

Is léir⁹ ar a laghad¹⁰ go gcaithfear leas a bhaint as an tumoideachas¹¹ agus an teanga a mhúineadh le héifeacht¹² sna bunscoileanna. Má dhéantar sin¹³ beidh Gaeilge ar a dtoil ag na daltaí¹⁴ agus iad ag dul ar an meánscoil.

Tá tábhacht leis an ngaelscolaíocht ar shlí eile. Cuid mhór de na daltaí a mhúintear¹⁵ trí Ghaeilge téann siad ar an ollscoil. Bíonn rath saolta¹⁶ ag roinnt¹⁷ leis an oideachas sin, agus b'fhéidir go bhféadfadh an rath sin a rian ar aigne an phobail.

Slad mara

Chomh fada siar leis an mbliain 2003 cuireadh in iúl go raibh raibh an iomarca iascaireachta ar siúl¹⁸ ar fud an domhain. Tugadh fóirdheontas \$14 bhilliún don chabhlach domhanda iascaireachta agus is iad na cuideachtaí móra a fuair an chuid is mó den airgead. Tá an t-iasc i mbaol dá bharr, gan trácht ar éin mhara ar nós an albatrais. Tá mórán báid iascaireachta le fáil amach ó chósta na hAfraice; is minic na báid sin lofa le meirg, agus tugtar drochíde¹⁹ don fhoireann.

³ Lé - partiality

⁴ A laghad sin daoine - so few people

⁵ Ní mór - one must

⁶ Nósanna eile a chur san áireamh - to take other practices/habits into account

⁷ Nárbh fhiú le mórán daltaí - that many students would not think it worth

⁸ Ligeadh do - were allowed

⁹ Is léir - it is clear

¹⁰ Ar a laghad - at least

¹¹ Tumoideachas - immersion teaching

¹² Le héifeacht - effectively

¹³ Má dhéantar sin - if that is done

¹⁴ Beidh Gaeilge ar a dtoil ag na daltaí - the student will be fluent in Irish

¹⁵ A mhúintear - who are taught

¹⁶ Rath saolta - (worldly) prosperity

¹⁷ Ag roinnt (le) - connected to

¹⁸ Ar siúl - being done, in progress

¹⁹ Drochíde - mistreatment

Longa faoi bhratach áise²⁰ is mó a dhéanann iascaireacht neamhdhlíthiúil. Is deacair na húinéirí a rianú²¹ agus an dlí a chur i bhfeidhm. Go fiú má ghearrtar fíneáil,²² is suarach an méid é.

Tá na báid mhóra go han-mhaith chun iasc a mharú. Tá gach áis is nua²³ acu – sónair,²⁴ trealamh próiseála²⁵ agus eile. Maraíonn said an oiread sin éisc gur féidir leo athrú mór a dhéanamh ar éiceachórais mhara.²⁶ Tá cuid díobh ag dul i gcomhpháirt le²⁷ lucht iascaireachta san Afraic anois. ní dona an rud é sin ann féin, ach is beag iasc a fhágtar²⁸ ag muintir na háite dá bharr.

Tarrangíonn sin ceist eile anuas.²⁹ Tá córas néarógach ag an iasc, agus is léir ón taighde is déanaí³⁰ go bhféadfadh³¹ iasc pian a mhothú – ceist eolaíoch agus fhealsúnach.

²⁰ Faoi bhratach áise - under a flag of convenience

²¹ Rianú - trace

²² Má ghearrtar fíneáil - if a fine is imposed

²³ Gach áis is nua - every latest device

²⁴ Sónair - sonar

²⁵ Trealamh próiseála - processing equipment

²⁶ Éiceachórais mhara - marine ecosystems

²⁷ Ag dul i gcomhpháirt le - going into partnership

²⁸ A fhágtar - which is left

²⁹ Tarrangíonn sin ceist eile anuas - that raises another question

³⁰ Ón taighde is déanaí - from the latest research

³¹ Go bhféadfadh - would be able